*Uimhir* 29 *de* 2018

# An tAcht um Dhífheistiú Breosla Iontaise, 2018

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 29 *de* 2018

# AN tACHT UM DHÍFHEISTIÚ BREOSLA IONTAISE, 2018

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt


1. Leasú ar an Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014

2. Gearrtheideal

Na hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015 (Uimh. 46)

Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. 38)

An tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014 (Uimh. 23)

*Uimhir* 29 *de* 2018

**AN tACHT UM DHÍFHEISTIÚ BREOSLA IONTAISE, 2018**

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht d'fhorchur toirmisc agus srianta áirithe maidir le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta d'infheistiú sócmhainní de chuid an Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn i ngnóthais breosla iontaise agus, go háirithe, dá cheangal ar an nGníomhaireacht sin féachaint lena chinntiú nach ndéanfar na sócmhainní sin a infheistiú go díreach i ngnóthas den sórt sin (agus, má thagann sí ar an eolas, maidir le gnóthas ina ndearna sí na sócmhainní sin a infheistiú amhlaidh, go bhfuil sé, nó gur tháinig sé chun bheith, ina ghnóthas breosla iontaise, sócmhainní an chiste sin a dhífheistiú ó infheistíocht den sórt sin); do dhéanamh socrú maidir le srian ar infheistíocht den sórt sin sa chás gur de chineál neamhdhíreach (mar a mhínítear anseo ina dhiaidh seo) an infheistíocht; do dhéanamh socrú maidir le heisceacht áirithe ón toirmeasc ar shócmhainní de chuid an chiste sin a infheistiú i ngnóthas den sórt sin i gcás go bhfuil an infheistíocht i gcomhréir leis an gcuspóir náisiúnta maidir le trasdul (mar a mhínítear anseo ina dhiaidh seo), le cuspóirí an Stáit maidir leis an athrú aeráide a chur i ngníomh agus le beartas an Rialtais; chun na gcríoch sin, do leasú an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [17 *Nollaig* 2018]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Leasú ar an Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014**

**1.** Leasaítear an tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014—

(a) in alt 49—

(i) i mír (f), tríd an dara lua den fhocal "agus" a scriosadh,

(ii) i mír (g), trí "ag an gCiste, agus" a chur in ionad "ag an gCiste.", agus

(iii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (g):

"(h) bearta a glacadh de réir alt 49A, arna chur isteach leis *an Acht um Dhífheistiú Breosla Iontaise, 2018.",*

agus

(b) tríd an alt nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 49—

**“Infheistíocht i nGnóthais Breosla Iontaise**

**49A.** (1) San alt seo—

tá le ‘comh-fhoghnóthais’, ‘gnóthas sealbhaíochta níos airde’, ‘gnóthas sealbhaíochta’, ‘foghnóthas’ agus ‘gnóthas’ na bríonna faoi seach a thugtar dóibh le hAcht na gCuideachtaí, 2014;

ciallaíonn ‘breosla iontaise’ gual, ola, gás nádúrtha, móin nó aon díorthach uathu a bheartaítear a úsáid i dtáirgeadh fuinnimh le dóchán;

ciallaíonn ‘gnóthas breosla iontaise’ gnóthas—

(a) atá, de thuras na huaire, ag gabháil do bhreosla iontaise a thaiscéaladh nó a bhaint nó a scagadh, i gcás gurb ionann an ghníomhaíocht sin agus 20 faoin gcéad nó níos mó de láimhdeachas an ghnóthais sin, mar a dhíorthaítear ó na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí dá chuid a foilsíodh,

(b) is gnóthas sealbhaíochta nó, de réir mar a bheidh, gnóthas sealbhaíochta níos airde de chuid gnóthas den chineál dá dtagraítear i bhfomhír (a), nó

(c) is gnóthas sealbhaíochta nó, de réir mar a bheidh, gnóthas sealbhaíochta níos airde de chuid gnóthais atá, de thuras na huaire, ag gabháil do bhreosla iontaise a thaiscéaladh nó a bhaint nó a scagadh, i gcás gurb ionann láimhdeachas comhiomlán na ngnóthas sin agus 20 faoin gcéad nó níos mó de láimhdeachas an ghrúpa ar bhonn comhdhlúite, mar a dhíorthaítear ó na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí dá chuid a foilsíodh;

ciallaíonn ‘grúpa’ gnóthas mar aon le haon ghnóthas sealbhaíochta, gnóthas sealbhaíochta níos airde, foghnóthas agus comh-fhoghnóthais atá ag an ngnóthas sin;

ciallaíonn ‘infheistíocht neamhdhíreach’ sócmhainní an Chiste a infheistiú i dtáirge infheistíochta nó i ngnóthas comhinfheistíochta ach ní fholaíonn sé ionstraimí díorthacha airgeadais, cistí a thrádáiltear ar an margadh ná cistí fálaithe;

tá le ‘cuspóir náisiúnta maidir le haistriú’ an bhrí a thugtar leis an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015;

ciallaíonn ‘oibleagáidí an Stáit maidir leis an athrú aeráide’ oibleagáidí láithreacha nó todhchaí de chuid an Stáit dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b) (a mhéid a bhaineann na hoibleagáidí de chuid an Stáit dá dtagraítear i mír (b) leis an athrú aeráide) d’alt 2 den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015;

ciallaíonn ‘láimhdeachas’ i ndáil le gnóthas nó grúpa gnóthas an méid ioncaim a dhíorthaíonn ó sholáthar earraí agus seirbhísí a thagann faoi réim ghnáthghníomhaíochtaí an ghnóthais nó an ghrúpa gnóthas, tar éis na méideanna seo a leanas a asbhaint—

(a) lascainí trádála,

(b) cáin bhreisluacha, agus

(c) aon chánacha eile atá bunaithe ar na méideanna a dhíorthaíonn amhlaidh.

(2) (a) Féachfaidh an Ghníomhaireacht lena chinntiú nach ndéanfar sócmhainní an Chiste a infheistiú go díreach i ngnóthas breosla iontaise.

(b) I gcás go dtiocfaidh an Ghníomhaireacht ar an eolas, maidir le gnóthas a bhfuil sócmhainní na Gníomhaireachta infheistithe go díreach ann, go bhfuil sé, nó gur tháinig sé chun bheith, ina ghnóthas breosla iontaise, déanfaidh an Ghníomhaireacht sócmhainní an Chiste a dhífheistiú ó infheistíocht den sórt sin a luaithe is indéanta.

(3) Féachfaidh an Ghníomhaireacht lena chinntiú nach bhfuil sócmhainní an Chiste infheistithe in infheistíocht neamhdhíreach aon tráth tar éis thosach feidhme an ailt seo, mura deimhin léi ar fhorais réasúnacha nach dócha go bhfuil níos mó ná 15 faoin gcéad de shócmhainní na hinfheistíochta neamhdhírí sin, nó cibé céatadán is ísle a fhorordóidh an tAire le hordú arna dhéanamh faoin alt seo, infheistithe i ngnóthas breosla iontaise.

(4) D’ainneoin fho-ailt (2) agus (3), féadfaidh an Ghníomhaireacht sócmhainní an Chiste a infheistiú i ngnóthas breosla iontaise nó i ngnóthas comhinfheistíochta a ndéantar nó a ndéanfar a chuid sócmhainní a infheistiú i ngnóthas breosla iontaise, i gcás go mbeidh deimhnithe ag an nGníomhaireacht ar fhorais réasúnacha go mbeartaítear an infheistíocht a bheith i gcomhréir leo seo a leanas—

(a) an cuspóir náisiúnta maidir le haistriú a bhaint amach,

(b) cur i ngníomh oibleagáidí an Stáit maidir leis an athrú aeráide, agus

(c) beartas an Rialtais, de réir mar a chuirfidh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil in iúl é don Ghníomhaireacht ó am go ham, i ndáil leis an athrú aeráide agus le cuspóirí maidir leis an athrú aeráide.

(5) I gcás go ndéanann an Ghníomhaireacht infheistíocht a dtoirmeascfaí uirthi í a dhéanamh murach fo-alt (4), déanfaidh sí, le linn di an fíoras a fhoilsiú gurb ann don infheistíocht, agus ainm an ghnóthais breosla iontaise nó an ghnóthais comhinfheistíochta lena mbaineann a fhoilsiú, an fíoras gurb ann don infheistíocht faoi fho-alt (4) a fhoilsiú.”.

**Gearrtheideal**

**2.** Féadfar an tAcht um Dhífheistiú Breosla Iontaise, 2018 a ghairm den Acht seo.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

Wt. 107326. 42. 9/22. Essentra. (93100). Gr.30-15.

9 781399 303323